Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13453/20**

**AGRI 448**
**PESTICIDE 42**
**SEMENCES 17**
**AGRILEG 158**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13439/20 AGRI 446 PESTICIDE 40 SEMENCES 15 AGRILEG 156 |
| Ábhar: | Conclúidí ó gComhairle maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil REFIT ón gCoimisiún, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an cruinniú a bhí aici an 15 Nollaig 2020.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir leis AN TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE ar an meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI:

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[1];
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol][2];
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[3];
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030, Bringing nature back to our lives* [Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol][4];
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais[5];
- An Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an taithí a fuarthas ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí;[6]

---

1 COM(2019) 640 final, 15051/19+ADD1
2 COM(2020) 381 final; 8280/20 + ADD1
3 12099/20
4 COM(2020) 380 final; 8219/20 + ADD 1
5 12210/20
6 8238/20 + ADD 1

- An Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa (Eanáir 2019) ar nós imeachta údaraithe an Aontais i gcomhair lotnaidicídí (2018/2153(INI)) - Coiste Speisialta um nós imeachta an Aontais i gcomhair lotnaidicídí[7];
- An Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa (Meán Fómhair 2018) ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le Táirgí Cosanta Plandaí (2017/2128(INI))[8];
- An páipéar machnaimh ón gCoimisiún Eorpach *Towards a Sustainable Europe by 2030* [I dTreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030][9];
- Conclúidí ón gComhairle 'I dTreo Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán'[10]

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an iarracht a rinne an Coimisiún maidir le scrúdú agus meastóireacht a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh ('Rialachán PPP') agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin ('Rialachán MRL');

2. ADMHAÍONN SÍ go gcuireann Rialachán PPP agus Rialachán MRL go mór le bia sábháilte a sholáthar do níos mó ná 440 milliún saoránach Eorpach, agus ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe atá bunaithe ar an eolaíocht á áirithiú ag an am céanna; Á ADMHÁIL DI go bhféadfadh rioscaí agus guaiseacha a bheith ann do dhaoine, d'ainmhithe agus don chomhshaol le húsáid na dtáirgí cosanta plandaí;

3. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an méadú atá ag teacht ar an bhfeasacht sa tsochaí go bhfuil gá ní hamháin le bia slán ar phraghas réasúnta ach le bia a tháirgtear go háitiúil agus ar bhealach inbhuanaithe agus TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún maidir leis an rún atá aige an tionchar a bhíonn ag táirgí cosanta plandaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú trí dhíriú ar mhodhanna eile agus ar tháirgí cosanta plandaí neamhcheimiceacha agus ísealriosca;

---

[7] A8-0475/2018
[8] A8-0268/2018
[9] COM(2019)22 an 30 Eanáir 2019
[10] 10713/19

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ginearálta na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún cheana i gcomhair trédhearcacht níos fearr agus cur chun feidhme agus ailíniú níos fearr i leith na reachtaíochta ábhartha agus TÁ SÍ AR AON BHARÚIL FAOI an-chuid de na torthaí agus de na breithnithe a tháinig as an meastóireacht;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE ardleibhéal uaillmhéine na mbeart a mheastar sa tuarascáil agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus na Ballstáit tús áite a thabhairt d'fheabsuithe sna réimsí sin atá ríthábhachtach don athrú i dtreo táirgí cosanta plandaí eile níos inbhuanaithe agus do mhodhanna eile lena ndírítear ar infhaighteacht táirgí cosanta plandaí neamhcheimiceacha agus ísealriosca;

***Cosaint neartaithe do shláinte an duine agus don chomhshaol***

*(Cur chun feidhme níos fearr – aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna agus an trédhearcacht a mhéadú)*

6. AITHNÍONN SÍ an fhadhb a bhaineann le moilleanna i leith na meastóireachta agus na nósanna imeachta formheasa agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé de fhreagracht ar na páirtithe uile lena mbaineann spriocanna agus amlínte an dá rialachán a bhaint amach. I ndáil leis sin, MEABHRAÍTEAR DI go gcuirfidh na Ballstáit na hacmhainní nó na socruithe is gá ar fáil do na húdaráis inniúla chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus MOLANN SÍ don Choimisiún a áirithiú go gcaithfear vóta i ndáil leis na dréachtrialacháin maidir le substaintí gníomhacha a fhormheas agus maidir le MRLanna a luaithe is féidir tar éis do na measúnuithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) a bheith ar fáil;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léir ón taithí go bhfuil dúshlán ag baint leis na hamlínte a leagtar amach i Rialachán PPP, *inter alia* i ndáil leis na ceanglais don chinnteoireacht, d'ábhar agus leagan amach na dtuarascálacha measúnachta, agus don chomhar méadaithe ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal an limistéir;

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór don Choimisiún, do EFSA, agus do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun cur chun feidhme na nósanna imeachta a dtacaíonn treoirlínte agus critéir mheastóireachta leo a fheabhsú agus a optamú a thuilleadh, agus nach mór dóibh iarrachtaí a dhéanamh chun na spriocdhátaí dlíthiúla a leanúint;

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór don Choimisiún, na do Ballstáit, agus do EFSA freagairt ar na rioscaí agus na hábhair imní atá ag teacht chun cinn, mar shampla tras-fhrithsheasmhachtaí agus néarthocsaineacht;

*(Cur chun feidhme feabhsaithe na gcritéar scoite)*

10. AONTAÍONN SÍ leis an moladh ón gCoimisiún go mbainfeadh na Ballstáit leas iomlán as Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) Uimh. 844/2012 agus nach leanfaidís den mheasúnú riosca iomlán ach amháin mura gcomhlíonfadh na substaintí gníomhacha na critéir scoite nó dá ndéanfaí ceann amháin ar a laghad de na féidearthachtaí maolaithe lena fhormheas a agairt. Ina theannta sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil feidhm ag an bprionsabal céanna i gcomhthéacs Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/1740. Sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ don Choimisiún bailchríoch a chur ar an treoirdhoiciméad maidir le nochtadh diomaibhseach;

11. TUGANN SÍ DÁ hUÍDH go bhféadfaí go mbeadh gá le críochphointí tocsaineolaíocha a chinneadh, sainmhínithe na n-iarmhar agus modhanna anailíse do na substaintí a chomhlíonfaidh na critéir scoite, go háirithe chun iarrataí ar lamháltais ar allmhairí a mheas agus chun críoch forfheidhmithe;

*(An measúnú comparáideach ar shubstaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú a shimpliú)*

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI go dtíolacfaidh an Coimisiún do na Ballstáit leasú ar Iarscríbhinn IV de Rialachán PPP chun feabhas a chur ar éifeachtacht na measúnuithe comparáideacha ar tháirgí ina bhfuil substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú ag deireadh 2021 agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit rannchuidiú leis an bpróiseas seo;

*(Measúnú riosca carnaigh)*

13. AITHNÍONN SÍ gur léirigh na torthaí faireacháin ar iarmhair lotnaidicídí ardchomhlíontacht le MRLanna atá seanbhunaithe agus dá bhrí sin, go meastar go bhfuil an bia atá ar fáil do thomhaltóirí slán agus faoi rialú maith;

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt faoi dheireadh 2020, ina leagfar amach na tosaíochtaí don obair leanúnach maidir le modheolaíocht agus cur chun feidhme measúnaithe riosca carnaigh agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí sa réimse seo;

15. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn eolaíoch agus é a mheas d'fhonn measúnú riosca carnaigh a chur chun feidhme de réir a chéile i gcleachtadh bainistithe riosca, agus aird á tabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar amlínte rialála agus ar na hacmhainní atá ar fáil;

*(Faireachán ar an gcomhshaol agus Bithmhonatóireacht)*

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán a dhéantar ar chomhchruinnithe agus ar éifeachtaí comhshaoil, agus MOLANN SÍ don Choimisiún leas a bhaint as na cláir faireacháin atá ar bun cheana faoi chuimsiú na gcreataí dlíthiúla atá ann cheana agus pleananna faireacháin a fhorbairt a thuilleadh;

17. Sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí agus ar thionchair substaintí gníomhacha, chun faisnéis a mheas agus í a thabhairt ar aird don Choimisiún agus do na Ballstáit, i gcás inar gá;

18. CUIREANN SÍ CHUN CINN tuiscint níos fearr ar an tionchar iarbhír a bhíonn ag táirgí cosanta plandaí ar éiceachórais chun cinnteoireacht fhónta a bhaint amach; agus MOLANN SÍ don Choimisiún treoir a fhorbairt maidir le conas torthaí an fhaireacháin a ionchorprú sa mheasúnú riosca;

*(Spriocanna cosanta comhshaoil a shainiú agus treoirdhoiciméid a nuashonrú)*

19. MOLANN SÍ don Choimisiún modheolaíocht a fhorbairt chun spriocanna cosanta comhshaoil sonracha a shainiú, e.g. chun breithniú na bithéagsúlachta sa phróiseas measúnaithe riosca a fheabhsú a thuilleadh. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do EFSA na treoirdhoiciméid maidir le modheolaíochtaí measúnaithe riosca a nuashonrú i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch, lena n-áirítear go háirithe an treoir maidir le beacha agus pailneoirí eile a chosaint, agus aird á tabhairt ar an aiseolas ó na Ballstáit agus ar indéantacht theicniúil an chur chun feidhme;

***Iomaíochas agus an margadh inmheánach***

*(Feabhas a chur ar an gcóras limistéir le haghaidh údaruithe PPPanna.)*

20. AONTAÍONN SÍ go dtacóidh neartú an chomhair limistéir le feidhmiú na n-údaruithe limistéir agus TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR fhreagrachtaí na mBallstát a an iontaoibh fhrithpháirteach a mhéadú i measúnú riosca agus cinntí a chéile, ar cheart dóibh ionchur ó na Ballstáit sin ar baill den limistéar iad a léiriú;

21. Á AITHINT DI gur gá foráil a dhéanamh do cheanglais náisiúnta, mar shampla maidir le cosaint screamhuiscí, i gcomhréir le rialacha Rialachán Uimh. 1107/2009;

*(Réitigh le haghaidh mionúsáidí)*

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin maidir le réitigh le haghaidh mionúsáidí, e.g. an t-athbhreithniú dinimiciúil ar *Extrapolation Guidelines for the broader use of results from residue trials* [na treoracha eachtarshuite maidir le húsáid is leithne na dtorthaí ó thrialacha iarmhar], agus ag an am céanna MOLANN SÍ go ndéanfaí tionscnaimh agus comhaontuithe breise maidir le barra mionúsáide;

23. MOLANN SÍ do na Ballstáit obair na Saoráide Comhordúcháin Mionúsáide a áirithiú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacaíocht bhreise a thabhairt do thionscnaimh na mBallstát maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht i nósanna imeachta um údarú mionúsáide;

***Údaruithe éigeandála***

*(Maoirseacht na n-údaruithe éigeandála a fheabhsú)*

24. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá anailís níos mionsonraithe a dhéanamh ar an staid éigeandála chun na cúiseanna le húdaruithe éigeandála a léiriú; ina measc, nach ndéantar iarratais rialta ar údarú PPP;

25. TACAÍONN SÍ le nós imeachta a bheadh níos tapa agus níos freagrúla chun MRLanna sealadacha a mbeidh glacadh leo ar fud an Aontais a shocrú i ndáil le saincheisteanna éigeandála agus MOLANN SÍ gur cheart socrú náisiúnta MRLanna a sheachaint, a mhéid is féidir, má tá gníomhaíocht ghasta á déanamh cheana féin ag an gCoimisiún;

*(An gá le tástáil ar ainmhithe veirteabracha a laghdú a thuilleadh)*

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí a rinneadh agus an méid a baineadh amach maidir le tástáil ar ainmhithe a laghdú. Mar sin féin, IARRANN SÍ go neartófaí na hiarrachtaí sin agus, dá bhrí sin, TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún agus treoir agus modhanna á bhforbairt a thuilleadh aige, go háirithe maidir le húsáid an chur chuige léamh-trasna chun úsáid na tástála ainmhithe a teorannú;

***Inbhuaine na cosanta plandaí agus na dtáirgí ísealriosca***

*(Cosaint inbhuanaithe plandaí, réitigh ísealriosca agus maolú riosca éifeachtúil a chur chun cinn)*

27. ADMHAÍONN SÍ an méid a baineadh amach maidir le substaintí gníomhacha ísealriosca a chur chun cinn, lena n-áirítear séimiceimiceáin agus substaintí bunúsacha mar aon le miocrorgánaigh agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an machnamh leanúnach atá á dhéanamh ar phrionsabail agus ar chritéir le haghaidh na substaintí sin agus an dóigh a bhfaightear go nádúrtha iad á chur san áireamh, i gcás inarb ábhartha;

28. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil infhaighteacht táirgí cosanta plandaí ísealriosca ríthábhachtach chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú le tionscnaimh na mBallstáit maidir le treoir a fhorbairt do nós imeachta brostaithe um údarú laistigh de na 120 lá dá bhforáiltear i gcás táirgí cosanta plandaí ísealriosca, lena n-áirítear MRL a shocrú;

29. MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfadh substaintí bunúsacha agus modhanna neamhcheimiceacha a bheith úsáideach do chosaint plandaí mar uirlisí comhlántacha agus gur cheart roghanna malartacha den sórt sin a chur chun cinn de réir phrionsabail IPM a chumhdaítear i dTreoir 2009/128;

30. TACAÍONN SÍ leis na tionscnaimh oiliúna faoin gclár *Better Training for Safer Food* [Oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte], mar shampla measúnú ar shubstaintí gníomhacha neamhcheimiceacha nó chun treoirdhoiciméid maidir le measúnú riosca a chur chun feidhme agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de na tionscnaimh oiliúna sin i réimsí ábhartha;

***Forfheidhmiú***

*(Rialachán PPP agus Rialachán MRL a fhorfheidhmiú níos fearr)*

31. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh faoi dheireadh 2021 raon feidhme an téarma "imthosca eisceachtúla" maidir le MRLanna sealadacha a shocrú chun míthuiscintí agus moilleanna i ndáil leis sin a sheachaint amach anseo agus TACAÍONN SÍ leis an iarracht maidir le scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí glacadh le MRLanna sonracha a leagtar síos faoi chreat dlíthiúil eile;

32. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún agus é ag leanúint de shainordú a thabhairt do EFSA athbhreithniú a dhéanamh ar MRLanna gan mhoill i gcás ina ndéanfaí críochphointí tocsaineolaíocha a ísliú de bharr toradh reatha ar mheasúnú riosca agus i gcás ina léirítear go bhféadfadh sé sin a bheith ina riosca do thomhaltóirí;

33. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ráiteas ón gCoimisiún nár sainaithníodh aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a d'fhágfadh gur ghá MRLanna sonracha a shocrú do bheatha, d'éisc agus do tháirgí próiseáilte agus MOLANN SÍ do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na tráchtearraí sin faoina gcláir náisiúnta agus na torthaí sin a thuairisciú don Choimisiún chun obair leantach bhreise a dhéanamh;

34. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar threoir a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh beatha phróiseáilte chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht forfheidhmithe níos comhchuibhithe sula gcuirfear san áireamh socrú MRLanna a bheidh ceangailte ó thaobh an dlí i gcás tráchtearraí a úsáidtear do tháirgeadh beatha ainmhithe amháin;

35. FORMHUINÍONN SÍ an rún atá ag an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh ar fhorálacha Rialachán MRL maidir le táirgí próiseáilte, lena n-áirítear úsáid fachtóirí próiseáilte, agus treoir a chur ar fáil do na Ballstáit agus na hoibreoirí gnólachtaí bia;

36. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá agus an fhéidearthacht fachtóirí próiseála comhchuibhithe a bhunú i Rialachán MRL, agus an ghníomhaíocht a mholtar sa mhír roimhe seo á cur san áireamh freisin;

37. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún trádáil neamhdhleathach táirgí cosanta plandaí góchumtha nó neamhúdaraithe a chomhrac;

***Freagraí níos tapa ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus ar dhul chun cinn teicniúil i gcomhthéacs Rialachán MRL***

38. IS MÓR AICI a bhfuil a dhéanamh ag an gCoimisiún as a stuaim féin chun féachaint ar réitigh maidir le substaintí gníomhacha neamhcheimiceacha nua a chomhtháthú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán MRL agus, dá bhrí sin, níos mó solúbthachta agus oiriúnú féideartha ar an dul chun cinn teicniúil a chumasú;

***Trádáil idirnáisiúnta***

*(Taidhleoireacht ghlas a úsáid chun ár gclár oibre glas maidir le lotnaidicídí a chur chun cinn)*

39. AONTAÍONN SÍ gur cheart don Aontas céimniú amach, ar an leibhéal domhanda, úsáid substaintí gníomhacha nach bhformheastar a thuilleadh san Aontas a chur chun cinn agus substaintí ísealriosca agus roghanna eile a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta i gcomhréir leis an teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas, rud a chuirfidh le cuspóirí an Aontais maidir le sláinte an duine agus sláinte comhshaoil;

40. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar lamháltais allmhairithe do lotnaidicídí agus éifeachtaí ar an gcomhshaol a chur san áireamh nuair a bheidh iarratais ar lamháltais allmhairithe (maidir le substaintí nach bhformheastar a thuilleadh san Aontas Eorpach) á measúnú, i gcomhréir le caighdeáin agus oibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála agus CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá leis an gcur chuige seo a mhíniú agus a chur chun cinn i bhfóraim éagsúla idirnáisiúnta d'fhonn comhthoil agus trédhearcacht a bhaint amach;

41. AONTAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún athbhreithniú ar Rialachán MRL a mheas, más gá sin, maidir le gnéithe comhshaoil a áireamh i socrú lamháltais allmhairithe agus na huasteorainneacha iarmhar maidir le Codex Alimentarius a aistriú i ndlí an Aontais;

42. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún rannchuidiú ar an leibhéal idirnáisiúnta le forbairt modheolaíochtaí measúnuithe riosca agus bainistithe riosca chun ailíniú MRLanna an Aontais le CXLanna a éascú;

***Comhleanúnachas agus comhsheasmhacht inmheánach le reachtaíocht eile de chuid an Aontais***

*(Comhleanúnachas agus comhsheasmhacht inmheánach le reachtaíocht an Aontais a fheabhsú)*

43. IS DÍOL SÁSAIMH DI aon iarrachtaí chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht inmheánach le reachtaíocht ábhartha an Aontais a fheabhsú;

44. TACAÍONN SÍ le comhchuibhiú na MRLanna a chumhdaíonn substaintí dé-úsáide/ilúsáide i Rialachán MRL le reachtaíocht earnála eile maidir leis an tsubstaint chéanna;

45. TUGANN SÍ DÁ hUÍDH gur cosúil gur rialachán iomchuí é Rialachán MRL maidir le MRLanna a shocrú do tháirgí bithicíde, ós rud é gur de thoradh úsáid intinniúil a thagann a n-iarmhair agus ina leith sin tá siad níos inchomparáide le hiarmhair lotnaidicíde ná le héilleáin;

46. AITHNÍONN SÍ gur féidir substaintí a úsáid chun lotnaidí agus galair a rialú, mar tháirge cosanta plandaí nó mar tháirge bithicíde i gcúinsí comhchosúla, agus dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún — i gcomhréir leis an bprionsabal "substaint amháin, measúnú amháin" — féachaint ar an gcaoi is féidir measúnú substaintí gníomhacha faoi Rialachán (CE) 528/2012 (an Rialachán maidir le Bithicídí) a ghlacadh go frithpháirteach i nós imeachta éifeachtúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rud as a bhféadfaí ailíniú prionsabail sábháilteachta agus ceanglais sonraí áirithe a theacht.

47. AITHNÍONN SÍ an neamhréireacht idir critéir scoite ghuaisbhunaithe Rialacháin PPP ar lámh amháin, agus, ar an taobh eile, lamháltais allmhairithe a shocrú bunaithe ar mheasúnú riosca de réir Rialachán MRL agus TACAÍONN SÍ le hiarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar an tsoiléireacht maidir le tionchar na gcritéar scoite ar MRLanna do na substaintí lena mbaineann;

48. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí substaintí gníomhacha agus substaintí bunúsacha nua a fhormheas go tapa don fheirmeoireacht orgánach trí Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 a leasú.